

Scéal na seanmóireachta Gaeilge san 18ú haois

Ciarán Mac Murchaidh

1

Réamhrá

I léirmheas a scríobh sé ar *Seanmónta Chúige Uladh* sa bhliain 1967, thug Séamas P. Ó Mórdha faoi deara gur:

Gné thábhachtach de litríocht na Gaeilge san 17ú agus san 18ú aois na seanmóirí, atá le fáil go coitianta ins na lámhscríbhinní, agus na téacsanna spioradálta eile idir aistriúcháin agus saothar nua-cheaptha. Go dtí seo, ar scor ar bith, is beag taighde atá déanta insan ghé seo de litríocht na Gaeilge.¹

Déarfainn go dtaitneodh dhá rud inniu leis: (i) go bhfuil an chéad ráiteas thuas cruthaithe agus athchruthaithe ag scoláirí eile ó shin agus (ii) go bhfuil go leor taighde ar siúl sa lá atá inniu ann sa ghné seo de litríocht na Gaeilge agus gur féidir cur síos maith ar ábhar seanmóireachta as Gaeilge agus ar na daoine a sholáthair é le linn an 18ú haois a fháil in aistí leis an Ollamh Pádraig Ó Fiannachta,² le Roibeard Ó hÉanna³ agus leis an Dr Tadhg Ó Dúshláine⁴ a foilsíodh le tamall de bhlianta anuas. Níl sé i gceist san aiste seo dul siar ar ábhar na n-aistí sin ach cur leis trí fhordearcadh ginearálta a dhéanamh ar thréimhse an 18ú haois i gcoitinne le gur féidir roinnt tuairimí eile a thabhairt faoi *genre* na seanmóireachta Gaeilge mar a bhí sé ag an am sin.

Feicimid go raibh difríocht mhór idir an cineál seanmóireachta a rinne sagairt Chaitliceacha san 18ú haois agus an tseanmóireacht a bhí ar siúl ag an chléir Anglacánach san aois chéanna. Bhain nádúr polaitiúil le cuid mhór de sheanmóireacht na cléire Anglacánaí agus phléigh na sagairt seo le caomhnú agus le cur chun cinn an chreidimh Anglacánaigh agus *status quo* na n-údarás sibhialta, chomh maith le cur ar a súile do na ‘popish natives’ go raibh siad ar bhealach a n-aimhleasa ar fad agus iad ag cloí le creideamh na Róimhe.⁵

Os a choinne sin, leanann na téacsanna atá léite agam i *Seanmóirí Muighe Nuadhad*,⁶ i *Seanmónta Chúige Uladh*⁷ agus i *Seanmóirí Uí Ghallchóir*⁸ eiseamláirí na hEorpa sa mhéid is go bpléann siad le téamaí a bhaineann le teagasc na hEaglaise Caitlicí. Ní bhacann siad le plé a dhéanamh ar chúrsaí polaitíochta ar chor ar bith. Is iondúil a bhíonn an t-ábhar éagsúil seo eagraithe ar mhodh téamúil agus baineann sé níos mó le cur chun cinn an teagasc Chaitlicigh agus le séanadh na ‘heiriceachta’ Protastúnaí ná le staid pholaitiúil na hÉireann san 18ú haois. Is dóigh liom go léiríonn an fhianaise gur chomharbaí iad seanmóirithe an 18ú haois ar an chineál seanmóireachta agus scríbhneoireachta a rinne seanmóirithe na haoise roimhe sin – Aodh Mac Aingil i *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*⁹ agus Seathrún Céitinn in *Trí Biorghaoithe an Bháis*,¹⁰ mar shampla, agus go raibh lucht an 18ú haois ag tarraingt ar “medieval preaching tradition which had been adapted to communicate the doctrines of Counter-Reformation Catholicism.”¹¹ Is cóir a thabhairt faoi deara go raibh

saothar na seanmóirithe Francacha, Fénelon agus Massillon ar chúrsa na Fraincise i gColáiste Mhaigh Nuad sa bhliain 1808, cúpla bliain i ndiaidh oscailt oifigiúil an Choláiste sin.¹²

2

Téamaí

Is fiú nóta beag a lua anseo faoi na téamaí a bpléitear leo sna cnuasaigh éagsúla seanmóirí atá ar fáil i nGaeilge. Is iad seo a leanas na cinn is coitianta sna bailiúcháin seanmóirí atá luaite agam i dtús na haiste seo: Ar an Bhreithiúnas Déanach [5]; Ar Pháis an tSlánaitheora [5]; Ar an Pheaca [5]; Ar an Aithrí [4]; Ar an Fhaoistin agus ar an Leorghníomh [5]; Ar an Urnaí [4]; Ar an Bhás [4]. Pléitear le hábhar eile, ar ndóigh, ach níl ach seanmóir amháin, b'fhéidir, ar gach aon téama agus ní fiú iad uile a liostú anseo. Tagann siad seo leis na príomhthéamaí ar scríobh na seanmóirithe móra Eorpacha a bhaineann leis an traidisiún Iar-Reifirméisín ina dtaobh: Louis Bourdaloue, Claude Joli, Jean-Baptiste Massillon and Jaques-Bénigne Bossuet, le cúpla duine a lua. Lean cuid mhór de na seanmóirí eile samplaí na mór-scríbhneoirí seo agus d'úsáid siad mar eiseamláirí iad agus iad ag scríobh i dteangacha eile. Caiticeasmú is mó a bhí ar siúl ag na scríobhaithe seo agus iad ag iarraidh (i) an pobal Caitliceach faoina gcúram a oiliúint i mbunairteagail an chreidimh agus (ii) an pobal a chosaint ar dhrochthionchar na gcreideamh Protastúnach trí 'eiriceacht' na gcreideamh sin a léiriú agus saibhreas an traidisiúin Chaitlicigh a nochtadh don phobal.

Pléadh le nithe eile sna seanmóirí Gaeilge fosta agus is fiú cuid de na fadhbanna eile a bhí ag cur isteach ar na heaspaig agus ar an eaglais in Éirinn a lua. Bhain go leor d'ábhar na seanmóirí le cúrsaí gnéis: mar shampla luann Ó Gallchóir an striapachas agus an ghlaicairacht thruaillí. (Ní ag na sagairt Chaitliceacha amháin a bhí an tsuim i seanmóireacht faoi chúrsaí gnéis, áfach, mar is léir ó thagairt ag Roy Foster do sheanmóir a thug John Wesley i gCorcaigh i mí Aibreáin 1778 faoi staonadh ó "fleshly desires: a necessary lesson in every place and nowhere more so than in Cork."¹³) Pléadh le réimse leathan ábhair eile, chomh maith leis sin, áfach: comhairle don pheacach faoin dóigh le saol maith a mhaireachtáil de réir theagasc na hEaglaise agus aitheanta Dé, mar shampla. Tá seanmóirí ag plé le stróiceadh mionnaí móra, leis an ólachán, le bheith réidh i gcónaí don bhás, an t-anam a bheith i staid an ghrásta i gcónaí, eolas a thabhairt ar na sacraimintí agus ar éifeachtaí na sacraimintí, agus gan faillí a dhéanamh i ndualgais an chreidimh (an dualgas Cásca, mar shampla, nó comaoineach rialta a dhéanamh). Pléann cuid eile acu leis na naoimh, leis na peacaí marfacha, le glóir Pharthais, leis an Mhaighdean Bheannaithe, le grá na comharsan agus gan drochfhaoistin nó droch-chomaoineach a dhéanamh. Taobh thiar de chuid mhór den ábhar seo tá an teagasc, an caiticeasmú agus an treoir spioradálta ann le meanma a thabhairt don ghnáthchreidmheach sa saol spioradálta ach eagla a chur air/uirthi fosta, chun go gcomhlíonfadh sé/sí aitheanta Dé agus na hEaglaise. Ní gá ach seanmóir Uí Ghallchóir ar an Bhreithiúnas Déanach (an dara ceann sa bhailiúchán) a léamh lena thuiscint a éifeachtaí a bhí cuid den ábhar seo leis an phobal a chur ar crith. Uaireanta ba í teachtaireacht a cuireadh i láthair an phobail i gcuid mhór de na seanmóirí seo gurbh iad féin a bhí freagrach as na deacrachtaí a bhain dóibh féin agus don tír ag an am de bharr

a gcuid peacúlachta féin, agus an fhearg a bhí curtha acu ar Dhia a bhí cineálta ach a bhí ina bhreitheamh cruálach ar pheacaigh.¹⁴

3

Gaeilge

Is é rud is mó a dhéanann an t-idirdhealú idir saothar Mhic Aingil agus an Chéitinnigh agus na trí cúig seanmóirí ón 18ú haois atá luaite agam thuas, go bhfuil Gaeilge na seanmóirí sin i bhfad níos simplí, agus i bhfad níos cóngaraí do Ghaeilge an phobail agus gurbh é rún daingean na seanmóirithe féin gurbh amhlaidh a bheadh:

I have made them in an easy and familiar stile, and on purpose, omitted cramp expressions, which might be obscure to both the preacher and hearer. Nay, instead of such, I have sometimes made use of words borrowed from the English, which practice, and daily conversation have intermixed with our language: choosing with St. Augustine, rather to be censur'd by the criticks, than not to be understood by the poor and illiterate; for whose use, I have designed them. *Malo ut me reprehendant gramatici, quam non intelligant populi.*¹⁵

Ach fiú in am Mhic Aingil féin, is cosúil go raibh iarrachtaí ar siúl aige féin, agus go raibh an tuiscint i measc scríbhneoirí téacsanna den chineál seo i gcoitinne, go raibh géarghá le téacsanna cráifeacha a chur os comhair an phobail i nGaeilge ghlan shimplí:

Do mheas misi nách córa fulung do thabhairt dóibhsion an leabhar sain do sgríobhadh go héigceart atá ag tarruing thréda Chríod ó chreideamh as ó chrábhaidh iná dhamhsa an leabhrán sa do sgríobhadh go simplídhe go neimhcheart Gaoidhilgi do theagusg ᵱ do tharruing cháich chum crabhuidh ᵱ creidimh tré shacramuint na haithridhe, lé maithtear na peacaidhe do réir shoisgéoil Chríod ᵱ theaguisg na naomh 's na n-absdal. ... Guidhim thú, a leghthóir chroidhe Chatoilic, ná tabhradh simplídheachd nó droichsgríbhneoireachd an leabhráin ort gan móirmheas do bheith agad ar leighionn leighis th'anama atá ann.¹⁶

Is léir, i gcás Uí Ghallchóir, gur mhian leis nach rachadh sé dian ar an chléir féin (a raibh seanmóireacht an chreidimh Chaitlicigh mar dhualgas soiléir orthu) déileáil le teanga a bhí thar a dtuiscint – gan trácht ar an phobal a bhí le héisteacht leis na seanmóirí á dtabhairt ag na sagairt. Tá fianaise mhór ar fáil ar chaighdeán éagsúil an oideachais agus na hoiliúna i measc na cléire Caitlicí agus bhain an éagsúlacht sin, cuid mhór, le tionchar na bPéindlithe a tháinig isteach i mblianta deireanacha an 17ú haois agus nach raibh á scaoileadh go dtí an chuid dhéanach den 18ú haois.¹⁷ Fiú i dtéacsanna níos luaithe ná an 18ú haois bhíodh scríbhneoirí ag gabháil leithscéil as a gcuid Gaeilge agus iad á chur in iúl nach raibh léann na Gaeilge orthu, nó gurbh é an teagasc Críostaí agus ní feabhas na Gaeilge a bhí mar chéadsprioc acu agus an saothar á chur i gcló acu:

Dá bhfadhadh saoi ré h-ealadha locht sgríobhtha nó deachtaidh sa leabhar bheag-sa, gabhadh sé mo leithsgél-sa, óir ní dhearna mé saothar ná foghlaim sa nGaidheilg acht amháin mar gach duine don phobal choitcheand.¹⁸

Dá n-abarthaoi gur dána dhúinn ní dho sgríobhadh a nGaidhilg 's nár shaothruigheamar innti, as í ar bhreagra ar sin, nách do mhúnadh Gaidhilgi sgríobhaimid achd do mhúnadh na haithridhe, 7 as lór go ttuigfidhear sinn gé nách bíadh ceart na Gaidhilgi aguin.¹⁹

Is léir faoi lár an 18ú haois go raibh deacrachtaí ag cuid de na sagairt féin leis an Ghaeilge. Tá fianaise againn ó shagart Éireannach de chuid Ord N. Proinsias, an tAthair Tomás Ó Mathúna, a bhí ag obair i Londain agus a scríobh litir chun na Róimhe sa bhliain 1748 faoin obair a bhí ar bun aige. Sa litir sin tugann sé le fios go mbíodh faoistiní na n-oibrithe séasúir ó Éirinn á n-éisteacht aige agus go n-éistfeadh sé deich bhfaoistin i nGaeilge do gach ceann a d'éistfeadh sé i mBéarla. Thug sé le fios fosta gur bhuail sé le daoine “who had not been [to confession] for years for want of an Irish confessor”.²⁰ Chomh maith leis sin, i sraith litreacha a scríobh sé chuig an Róimh idir na blianta 1763 agus 1765, chuir an tAthair Séamas Ó Liatháin, a bhí díreach tar éis teacht ar ais go hÉirinn i ndiaidh dó bheith i gColáiste na nGael, in iúl gur bhain “a deficiency in my native language, which for the greater part i forgot in the college” leis féin.²¹ Léiríonn sé seo go raibh an ceart ag sagart Proinsiasach Londan faoi easpa Gaeilge na sagart sa bhaile. Agus is léir gur cheart go mbeadh a fhios ag na sagairt in Éirinn go mbeadh an Ghaeilge de dhíth orthu ina gcuid oibre de bharr go raibh cuid mhór den ghnáthphobal ag baint úsáide as an Ghaeilge go fóill ina saol spioradálta. Fiú sa bhliain 1738, scríobh an sagart Doiminiceach, Doiminic Ó Brollacháin, liosta teoracha do shagairt a oird féin inar dhúirt sé le lucht a léite: “Teach them [an pobal éisteachta] how to pray and how to examine their consciences and how to do everything for the glory of God. Conclude with the recitation in the native language of the Litany and other prayers.”²² Sa bhliain 1761 bhíodh Aifreann Gaeilge ag na Doimnicigh i mBaile Átha Cliath ar a 7 a.m.²³ Seans go raibh cuid de na sagairt faillíoch i gcúram na teanga dúchais agus gurbh é sin an fáth a raibh ar Ó Brollacháin tagairt dó go speisialta sa cháipéis seo, agus go raibh na Doimnicigh i gcoitinne ag caitheamh dua ar leith le cúram na teanga.²⁴

Is léir go raibh dúthracht áirithe á caitheamh leis an Ghaeilge i dTeach na nDoimnicigh i San Clemente na Róimhe. Chuir an Prióir, John Thomas Troy a bhí ina Ardeaspag ar Bhaile Átha Cliath níos déanaí ina shaol, iarratas chuig an Phápa ar chuidiú airgid le hobair atógála a bhí ar siúl sa teach. Bhí 20 sagart ina gcónaí san áit ach ní raibh ar chumas an Oird ach 17 acu a bheathú i gceart. Dá dtabharfadh sagart seanmóir i mBéarla bhí sé i dteideal mias sa bhreis le linn an dinnéir. Dá ndéanfadh sé seanmóir i nGaeilge, áfach, dhá mhias sa bhreis a gheobhadh sé.²⁵ Thug an Dr Seán Ó Briain, Easpag Chluana agus Rois, le fios sa tuairisc a scríobh sé chuig Propaganda sa bhliain 1764 nuair a bhí cuidiú airgeadais á lorg aige ar an Róimh leis an *Focalóir Gaoidhilge/Sax-Béarla* a fhoilsiú nach raibh an pobal faoina chúram cleachta le haon teanga eile seachas an Ghaeilge ina gcuid cúraimí spioradálta.²⁶ Bhí Ó Briain ag iarraidh a chur ina luí ar na húdaráis sa Róimh go raibh caomhnú agus cosaint na teanga

ar aondul le caomhnú agus cosaint an chreidimh Chaitlicigh, cé gur léir gur bhain méid áirithe áibhéile leis an tuairim seo, (ar mhaithe leis an éileamh ar chuidiú airgid a láidriú):

Another reason which shows the essential connexion between the preservation of Catholicism in this country and the Irish language is that experience has taught us that it is only those ignorant of Irish or those who become fluent in English who abandon the Catholic religion and embrace that of Protestants.²⁷

Is fiú a lua go dtarlaíodh sé ó am go chéile nach nglacfadh an gnáthphobal le sagart, nó le heaspag féin fiú, nach raibh in ann an tseanmóir a thabhairt i nGaeilge. Nuair a thosaigh easpag Phort Láirge, Peter Creagh, ar sheanmóir a thabhairt i mBéarla i dteach pobail i gCarraig na Siúire Lá Caille sa bhliain 1747, chuir an pobal éisteachta iallach air iompú ar an Ghaeilge.²⁸ Is léir, fosta, go raibh caomhnú agus cur chun cinn an chreidimh Chaitlicigh ag brath go mór ar na sagairt a bheith ag seanmóireacht agus ag teagasc an chreidimh ós rud é nach raibh léamh agus scríobh na Gaeilge ag formhór de chosmhuintir na nGael.²⁹

Faoi dheireadh an 18ú haois agus thús an 19ú haois rinne William Tighe staidéar ar Chontae Chill Chainnigh inar thug sé faoi deara go dtiocfadh leis na sagairt seanmóirí a thabhairt i nGaeilge nó i mBéarla ach gur i gcónaí a thabharfaidís an tseanmóir “in Irish, if they are desirous to be well understood”.³⁰ I seachtóidí an 18ú haois chreid na heaspaig go raibh sé riachtanach go mbeadh sagairt ag teacht ar ais ar an mhisean in Éirinn ón Róimh agus iad dátheangach (.i. go mbeadh Béarla agus Gaeilge ar eolas acu).³¹ Bhí áiteanna ann, áfach, go raibh clanna Caitliceacha, ar éirigh go maith leo i gcúrsaí tionsclaíochta, ábalta a gcuid a dhéanamh ar son caomhnú agus cur chun cinn na teanga. D’éirigh le Clann Loinsigh i Loch an Oileáin i gCo. an Dúin scoil ina múintí an léann clasaiceach agus an Ghaeilge a choinneáil sa tsiúl go ceann i bhfad.³²

Níl aon amhras ach go raibh mionlach den chléir taobh istigh den Eaglais Anglacánach ag iarraidh a gcuid a dhéanamh ar son úsáid na Gaeilge a leathnú i measc ministrí na hEaglaise sin ón 17ú haois ar aghaidh.³³ Ce go raibh sé seo amhlaidh, tá sé measartha soiléir gur mheas an Eaglais Chaitliceach nach raibh baol ar bith ann don chreideamh Caitliceach ó mhinistrí Protastúnacha a raibh an Ghaeilge acu. Is amhlaidh a bhí baol níos mó ann do na Protastúnaigh mar is léir ó cháipéis a chuir easpag Anglacánach na Mí, Anthony Dopping, le chéile timpeall na bliana 1697. *Remedies proposed for the Church of Ireland* an t-ainm atá ar an cháipéis seo ina molann Dopping réitigh áirithe ar fhadhbanna a fheiceann sé taobh istigh dá dheoise féin. Mhol Dopping gur chóir “[Protestant] missionary preachers to preach to them [an pobal dúchasach] in the Irish tongue” a chur amach ar fud na deoise.³⁴ Rud níos suimiúla ná sin, áfach, is ea gur thug sé faoi deara go raibh ceantair ina dheoise féin a raibh an pobal Protastúnach scartha amach ó chéile agus gur chonacthas dó féin go raibh baol an-mhór ann do na daoine sin ó thaobh teanga agus creidimh de:

It might tend both to the increase and security of Protestants in Ireland to follow Cromwell’s method in transplanting the Irish into a province by themselves, giving them an equivalent of land. For as the case now stands, an English planter coming to live amongst Papists, where he hath not sometimes a Protestant neighbour within

2 or 3 miles of him: by degrees dwindles into their language and manners if not into their religion.³⁵

Nuair a cuireadh ministrí Protastúnacha le Gaeilge chuig ceantair den sórt céanna i gContae Aontroma, chonacthas gur éirigh leo Protastúnaigh i gceantair iargúlta a bhí i ndiaidh titim le Caitliceachas a thabhairt ar ais chun an Phrotastúnachais. Níos mó ná sin, áfach, d'éirigh leo cuid den phobal Caitliceach a iompú ar an Phrotastúnachas fosta.³⁶ Ar ndóigh cé go raibh iarrachtaí ar siúl ag sagairt Anglacánacha áirithe Caitlicigh a iompú ar an Phrotastúnachas trí mheán na Gaeilge féin, bhí na hiarrachtaí céanna sin ina gcnámh spairne taobh istigh den Eaglais Anglacánach. (Is fiú a lua fosta go raibh an Eaglais Phreispitéireach ag soláthar seanmóirithe le Gaeilge agus deirtear go raibh seachtar déag acu ag saothrú sa ghort faoin bhliain 1720.³⁷)

Nuair a ceapadh Charles Lynegar ina léachtóir le Gaeilge do mhic léinn na diagachta i gColáiste na Tríonóide, tugadh aitheantas oifigiúil institiúideach don Ghaeilge mar theanga trína bhféadfaí Caitlicigh a iompú ina bProtastúnaigh.³⁸ Thosaigh Lynegar ag obair san ollscoil sin sa bhliain 1708.³⁹ Faoin bhliain 1715, bhí ainmneacha 45 mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide a bhí ina n-ábhair sagairt agus a bhí in ann an Ghaeilge a léamh ag Ardeaspag Bháile Átha Cliath, William King. Ba é Lynegar an duine a mhúin iad go léir.⁴⁰

Idir an dá linn bhí John Richardson, reachtaire Bhéal Tairbirt i gCo. an Chabháin, ag obair ar fheachtas teanga fosta.⁴¹ i mí Mhárta na bliana 1711 chuaigh sé go Londain le tacaíocht a lorg don fheachtas teanga seo: (i) an Nua-Thiomna, caiticeasma agus leabhar paidreacha a chur ar fáil i nGaeilge agus (ii) Cairtscoil a bhunú i ngach paróiste leis an chreideamh Anglacánach a bhrú chun cinn. Scríobh Richardson an paimfléad cáiliúil *A proposal for the conversion of the popish natives of Ireland* an bhliain ina dhiaidh sin (1712) inar mhol sé go mbeadh ministreachtaí Gaeilge san Eaglais Anglacánach. Tháinig leaganacha de chaiticeasmaí agus den *Book of Common Prayer* amach i nGaeilge de thairbhe iarrachtaí Richardson ach ní raibh iontu ach iarrachtaí fánacha. Roinnt blianta ina dhiaidh sin (idir na blianta 1735 agus 1737) moladh misinéirí Anglacánacha le Gaeilge a chur amach i measc an phobail Chaitlicigh.⁴²

Is cosúil, áfach, go raibh toil an chliarlathais uisciúil go leor anseo cé go bhfuil sé soiléir go raibh an smaoineamh á mheas go measartha dáiríre ag eilimintí éagsúla san Eaglais ag an am sin go fóill. Fiú chomh déanach leis an bhliain 1758, bhí beirt shagart Anglacánacha, Anthony Burke agus Edmund Kelly, ar fáil agus ar bís le seanmóireacht a dhéanamh i nGaeilge i measc na 'natives'. Dúradh faoin bheirt gur sheanmóirithe oilte iad, agus thairg siad a gcuid seirbhísí do na húdaráis i dTeach na bhFeisirí. Is cosúil go raibh seanmóireacht i nGaeilge ar siúl go rialta acu cheana féin i mBaile Átha Cliath – duine ag obair in Eaglais N. Audeon agus an duine eile in Ardeaglais Phádraig.⁴³ Níor cuireadh na scoileanna nó na sagairt le Gaeilge ar fáil, áfach, agus cheal tacaíocht inmheánach na hEaglaise Anglacánaí féin agus easpa tola ó thaobh na n-easpag agus an chliarlathais de, theip ar an iarracht ar fad.⁴⁴ Chreid an tArdeaspag King nár éirigh leis na hiarrachtaí seo uilig de bharr nach raibh formhór de na heaspaig Anglacánacha sásta an t-airgead a chur ar fáil leis an scéim a mhaoiniú i gceart.⁴⁵ Is fiú go mór an méid atá le rá ag Michael Cronin ina leabhar tábhachtach *Translating Ireland* i dtaobh na n-iarrachtaí seo a bhí ar bun ag an Eaglais Anglacánach:

The increasing paucity of translations into Irish by Protestant translators as the eighteenth century progresses demonstrates the tangible effects of official indifference or hostility to the continued use of the Irish language. The political imperatives of control would gradually silence the religious imperatives of conversion.⁴⁶

4

Seanmóireacht nó Caiticeasmú?

Luadh níos luaithe san alt seo gur seanmóireacht pholaitiúil cuid mhaith den tseanmóireacht a bhí ar siúl ag sagairt Anglacánacha san 18ú haois, go háirithe polaitíocht na linne. Seanmóireacht faoin chreideamh a bhí ar siúl ag na sagairt Chaitliceacha sin a bhí dáiríre faoin dualgas a bhí orthu an creideamh a theagasc *importune opportune*. Is féidir a rá gur mó den chaiticeasmú ná den tseanmóireacht féin a bhí ar bun ag sagairt na hEaglaise Caitlicí, áfach, mar a léireofar sa phlé ar an cheist seo sa chuid seo den aiste. De dheasca droch-chaighdeán oideachais bhunús na cléire Caitlicí san aois sin, leag cuid mhór deoisí rialacháin áirithe síos do dhualgais na sagart a bhí ag saothrú i bparóistí na tíre.⁴⁷ Is ag sionóidí deoiseacha a shocraítí na rialacháin seo nó i dtuairiscí easpagóideacha a d'fhoilsítí iad.⁴⁸ Maidir le cúrsaí seanmóireachta tá sé soiléir go raibh eagla ar na heaspaig nach raibh an gnáthphobal á dteagasc i gceart faoi bhunairteagail an chreidimh. Chonacthas dóibh gurbh í an tseanmóir an modh ba nádúrtha agus ba éifeachtaí leis an ghnó seo a dhéanamh, rud a fhágann gur ag déanamh teagaisc faoin chreideamh a bhí formhór na seanmóirithe le linn dóibh aithisc a thabhairt i rith an Aifrinn. De bharr go raibh iarrachtaí áirithe ar siúl ag an Eaglais Bhunaithe baill den ghnáthphobal Caitliceach a iompú ar an Phrotastúnachas trí úsáid na Gaeilge, bhí na heaspaig Chaitliceacha go mór ar son straitéis cheart seanmóireachta agus caiticeasmaithe a chur sa tsiúl ar fud na tíre uile le go mbeadh eolas faoi 'eiriceacht' na bProtastúnach ag an phobal Caitliceach. Nuair a chuir an tAthair Bonabhentúra Ó hEoghasa (Proinsiasach) *An Teagasg Críosdaidhe* amach sa bhliain 1611, thuig sé nach mbeadh ar chumas cuid mhór de ghnáthmhuintir na hÉireann an téacs a léamh. Thuig sé, áfach, go raibh traidisún fada béil acu agus go raibh scileanna an-mhaith cuimhne acu. Bhí a fhios aige go mbeadh ar chumas na ndaoine an t-ábhar a fhoghlaim agus a shú isteach dá gcuirí os a gcomhair é ar bhealach sothuigte agus sofhoghlamtha. Sin an rud ar thug sé faoi sa tsaothar a scríobh sé. Bhí an tuairim ann ag an am nár bhac ar chor ar bith é gan léamh nó scríobh a bheith acu – a mhalairt ar fad de bharúil a bhí ann. Ós rud é nach bhféadfadh an ghnáthChaitliceach é féin a thruailliú le heiriceacht na bProtastúnach mura bhféadfadh sé samplaí di a léamh, ba chosaint ar eiriceacht a bhí sa neamhlitearthacht.⁴⁹ Mar sin féin, is léir go raibh an Dr Aindrias Ó Duinnshléibhe ag iarraidh freastal ar riachtanas na sagart agus an phobail Chaitlicigh nuair a d'fhoilsigh sé a chaiticeasma cáiliúil, *An Teagasg Críosduidhe*, sa bhliain 1742. Caiticeasma Gaeilge/Béarla a bhí ann, leagtha amach ar mhodh 'ceist/freagra' agus eolas á thabhairt ann faoi theagasc dogmach agus morálta na hEaglaise Caitlicí. Ba é smaoineamh a bhí aige go bhféadfadh an

chléir agus an pobal Caitliceach a raibh léamh an Bhéarla acu araon leas a bhaint as mar áis foghlama agus teagaisc.

I dtuairisc ar stádas Dheoise Thuama sa bhliain 1750 luadh an Bíobla, Caiticeasma na Róimhe, forógraí Chomhairle Thrionta agus cnuasach seanmóirí (.i. *prône*) mar “théacsleabhair” éigeantacha an tsagairt sa pharóiste. Ba é an rud a bhí i gceist leis an *prône* leabhar seanmóirí réamhchumtha (as Laidin nó Fraincis, b’fhéidir) ina raibh seanmóirí ar phointí agus théamaí éagsúla de theagasc na hEaglaise Caitlicí. Má bhí ceann acu seo ag an sagart sa pharóiste, ba é teoiric a bhí ann go dtiocfadh leis seanmóir a thabhairt fiú mura raibh bua na seanmóireachta féin aige.⁵⁰ Ba é ceann de na haidhmeanna a bhí ag Séamas Ó Gallchóir nuair a d’fhoilsigh sé a chnuasach féin seanmóirí *prône* a chur ar fáil do shagairt na tíre i nGaeilge shimplí, agus príomhphointí theagasc na hEaglaise ar fáil ann le cuidiú le sagairt a raibh deacrachtaí acu leis an teanga nó ganntanas ama acu an t-ábhar a réiteach trí mheán na Gaeilge de bharr cúraimí tréadacha eile a bheith orthu.⁵¹ Níor dheacrachtaí nua iad na deacrachtaí a bhain le cumas seanmóireachta i measc na sagart Caitliceach. I nDeoise Osraí ag tarraingt ar dheireadh an 17ú haois bhí an tEaspag Ó Faoláin ag iarraidh caighdeán a leagan síos ach is cosúil go bhfuair sé amach go fadhbanna móra ag sagairt le gnó na seanmóireachta. D’eisigh an t-easpag rialacháin sna blianta 1672 agus 1676 ag éileamh ar na sagairt paidreacha áirithe a rá le linn an Aifrinn. Thuig an Dr Patrick Corish as seo nach raibh cumas seanmóireachta ag go leor de na sagairt agus go raibh an t-easpag ag iarraidh a dhéanamh cinnte de go múiní bunairteagail an chreidimh Chaitlicigh agus bunteagasc Críostaí ag ócáid an Aifrinn.⁵² D’éaligh Ardeaspag Chaisil, Christopher Butler, i statúidí na deoise sin gur cheart bunreacht, caiticeasma agus *prône* na deoise a bheith ag na sagairt.⁵³ Is díol suime é go raibh traidisiún seo an *prône* an-tábhachtach san Eaglais Chaitliceach san 18ú haois agus go raibh traidisiún den sórt céanna in áiteanna éagsúla ar fud na tíre san Eaglais Anglacánach ag deireadh an 17ú/tús an 18ú haois nár thaitin le cuid den phobal Protastúnach. I nDoire, mar shampla, tuairiscíodh go raibh an pobal i gcoinne “the appointment of ‘a sermon-reading bishop’” ós rud é go raibh an iomarca acu sin ann cheana féin, daoine nach ndearna ach téacsanna réamhullmhaithe a léamh os ard. I mBaile Átha Cliath rinneadh an gearán faoi chúráideach Eaglais N. Michan nach ndearna sé ach labhairt ar “a set of discourses patched up from printed sermons, disguised only by resolving the whole into questions and bringing scripture by a quaint and free way”.⁵⁴ Bhí na deacrachtaí céanna ag an Eaglais Chaitliceach agus ní i gcónaí a bhí sagairt cúramach i dtaobh an dualgais thábhachtaigh seo mar atá soiléir ó réamhrá Uí Ghallchóir.⁵⁵

Tá fianaise ann, áfach, go raibh cuid den chliarlathas ag iarraidh nach ar an sagart paróiste amháin a thitfeadh cúram an chaiticeasmaithe. Léiríonn rialacháin Dheoise Bhaile Átha Cliath go raibh dualgas ar an sagart paróiste máistir scoile a cheapadh le teagasc Críostaí a mhúineadh agus go raibh an sagart freagrach as an ghnó seo.⁵⁶ Mar sin féin, ní ag iarraidh nach mbeadh dualgas ar bith ar an sagart a bhí na heaspaig. Is féidir a fheiceáil ón tagairt seo a luann James Kelly gur bhain an tArdeaspag Lincoln i nDeoise Bhaile Átha Cliath deis as an iubhaile phápuil sa bhliain 1759 le tabhairt ar na sagairt a gcuid seanmóirí a chur in oiriúint do riachtanais agus do chumas tuisceana an phobail faoina gcúram.⁵⁷ Bhí iarrachtaí ar siúl ag ardeaspag eile de chuid Bhaile Átha Cliath níos déanaí san 18ú haois caighdeán na cléire a fheabhsú. D’éagraigh an tArdeaspag Troy comhdhálacha míosúla agus seimineáir lae le smacht a chur ar shagairt na deoise chomh maith le hoiliúint a chur orthu

faoi ghnéithe áirithe den mhinistreacht.⁵⁸ Lean na deacrachtaí isteach san 19ú haois in ainneoin iarrachtaí a rinne easpag éagsúla dul i ngleic leo. Tugann Thomas McGrath faoi deara ina shaothar ar easpag cáiliúil Chill Dara, James Doyle, gur mhó de sheanmóirí caiticeasmacha ná seanmóirí homaileacha iad na seanmóirí a thugadh na sagairt sa deoise sin, cé go raibh clú agus cáil ar Doyle féin mar sheanmóirí.⁵⁹ Bhí tuairim láidir ag seanmóirí amháin faoi thairbhe na seanmóireachta agus an chaiticeasmaithe ar fiú a lua anseo. I sliocht beag sa bhailiúchán *Seanmónta Chúige Uladh* ar a dtugtar an teideal “Comhairle do na Seanmóntaithe” scríobhann an t-údar an méid seo:

Is cosamhuil creidiomh Dé le gairdin theid a bhfásach muna mbeith saothar, ⁊ lucht oibre cinnte ann. ... Ní fiu leis an eaglais a n-aimsir a chaitheamh leis a’ teagasg Críosaíocht le sea[n]morachadh mora ardfhoghlama aintleachta nach ttuigean an pobal a ndeachmhadh, ⁊ is uime sin, fa-raor, gurab iomdha ata ag eisteacht le haifrin ⁊ le seanmorachadh air feadh a shaoghail gan mórán tairbhe agus ata fos aineolach a gcreidiomh Chríosaí.⁶⁰

Leanann an seanmóirí air ag tabhairt le fios gur fearrde i bhfad an fhoghlaim atá sa teagasc Críosaí agus gurb é is fearr a tharraingeoidh aird ó Dhia féin. I bhfianaise an mhéid atá tugtha faoi deara againn faoi ghnó na seanmóireachta san 18ú haois, is féidir a rá gur dualagas í nach ndearnadh ach go measartha nuair a rinneadh ar chor ar bith í agus gur fánach an áit a raibh na seanmóirí maithe le fáil, bíodh is go raibh neart ábhair seanmóireachta agus téacsanna caiticeasmacha ar fáil i nGaeilge.

5

Conclúid

Sílim go bhfuil sé soiléir ón chur síos gairid seo ar an tseanmóireacht Ghaeilge san 18ú haois go bhfuil go leor taighde déanta ag scoláirí éagsúla ar ghnéithe den scéal féin, ach go bhfuil staidéar cuimsitheach ar gach cuid den scéal le cur i gcrích go fóill. Tá cuid mhór de na seanmóirí a bhaineann leis an aois seo i lámhscríbhinní i leabharlanna ar fud na tíre ag fanacht lena bhfoilsíú, gan trácht ar an iniúchadh is gá a dhéanamh orthu ó thaobh téamaí, foinsí, scríobhaithe/aistritheoirí agus comhthéacs de fós. Tá tuairim éigin againn faoina raibh i gceist ag lucht seanmóireachta a dhéanamh agus iad i mbun oibre sna traidisiúin éagsúla chreidimh a bhí sa tír le linn an 18ú haois, ach is beag eolas atá againn faoi mhianta nó roghanna na n-éisteoirí, an pobal creidmheach féin. Tá a fhios againn go ndeachaigh *Seanmóirí Uí Ghallchóir* i bhfeidhm go mór ar shagairt/sheanmóirithe eile a bhain leas astu ina seanmóirí féin⁶¹ agus ar scríbhneoirí agus gnáthphobal na tíre i gcoitinne, go háirithe ar dhaoine a raibh baint láidir acu leis an traidisiún béil, mar shampla.⁶² Tá scéal i bhfad níos iomláine fós le hinsint i dtaobh na seanmóireachta san 18ú (agus sa 19ú) haois sa dóigh is go dtiocfaimid ar thuiscintí úra ar ról an teagaisc seo i dtaca leis an chreideamh agus an tsochaí de. De réir Thaidhg Uí Dhúshláine, “Thug na seanmóirithe an athbheochan Chaitliceach trí mheán na Gaeilge céim eile ar aghaidh, áfach, agus trí chleachtadh na seanmóireachta d’fhágadar saibhreas an nua-léinn seo ar láimh ag an bpobal coiteann.”⁶³

Is cinnte go ndearna siad é sin uile ach, ina theannta sin chomh maith, scríobh siad caibidil thábhachtach eile de scéal na hÉireann, na Gaeilge agus an chreidimh Chaitlicigh sa tír seo nach bhfuil a thionchar measta go hiomlán go fóill againn ach a inseofar agus a mheasfar de réir a chéile amach anseo.

¹ Séamas P. Ó Mórdha, 'Léirmheas ar *Seanmóna Chúige Uladh*', *Studia Hibernica (Stud. Hib. feasta)* 7 (1967), lgh 226-30.

² Pádraig Ó Fiannachta, 'Seanmóireacht Ghaeilge 1700-1860', *Irisleabhar Mhá Nuad (IMN feasta)*, (1983), lgh 141-9.

³ Roibeard Ó hÉanna, 'Alumnus de chuid Choláiste na nGael, Páras: an tAth. Seán Ó Conaire agus a sheanmóirí', *IMN* (1989), lgh 103-49.

⁴ Tadhg Ó Dúshláine, 'Seanmóirí Mhaigh Nuad' in Etáin Ó Síocháin (eag.), *Maigh Nuad: saothrú na Gaeilge 1795-1995* (Ó Síocháin, *Maigh Nuad feasta*), (Maigh Nuad, 1995), lgh 63-78; 'Gealán dúluachra: seanmóireacht na Gaeilge c. 1600-1850', *Léachtaí Cholm Cille* (LCC feasta) XXVI, (1996), lgh 83-122; 'Ag so scéal uafásach eile: scéalaíocht na seanmóire' LCC XXX (2000), lgh 75-97.

⁵ Tá léirmheasanna den scoth ar fhorbairt na seanmóireachta Anglacánaí i rith na tréimhse seo scríofa ag Robert Eccleshall: 'Anglican political thought in the century after the Revolution of 1688' in D. George Boyce, Robert Eccleshall & Vincent Geoghegan, *Political thought in Ireland since the seventeenth century* (Londain, 1993), lgh 36-72 agus Toby C. Barnard: 'The uses of 23 October 1641 and Irish Protestant celebration', *The English Historical Review* 106 (1991), lgh 889-920.

⁶ *Seanmóirí Muighe Nuadhad*, (3 iml, Baile Átha Cliath, I (1906), II (1907), III (1908)).

⁷ Cainneach Ó Maonaigh (eag.), *Seanmóna Chúige Uladh* (Ó Maonaigh, *Seanmóna feasta*), (Baile Átha Cliath, 1965).

⁸ James Gallagher, *Sixteen Irish Sermons in an Easy and Familiar Stile* (Gallagher, *Sermons feasta*), (Baile Átha Cliath, 1736).

⁹ Aodh Mac Aingil, *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* [eag. Cainneach Ó Maonaigh] (Mac Aingil, *Scáthán feasta*), (Baile Átha Cliath, 1952).

¹⁰ Geoffrey Keating, *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* [Osborn Bergin eag.] (Athchló, Baile Átha Cliath, 1992).

¹¹ Bernadette Cunningham, *The world of Geoffrey Keating: history, myth and religion in seventeenth century Ireland* (Baile Átha Cliath, 2000), lch 48.

¹² Ó Síocháin, 'Réamhrá', *Maigh Nuad*, lch 10. Níl foinse an eolais luaite ag an údar seo, áfach.

¹³ Roy Foster, *Modern Ireland 1600-1972* (Londain, 1988), lch 203.

¹⁴ R.A. Breatnach, 'The end of a tradition: a survey of eighteenth century Gaelic literature', *Stud. Hib.* 1 (1961), lch 131; Marianne Elliott, *The Catholics of Ulster* (Elliott, *Catholics feasta*), (Londain, 2000) lch 204. Féach na seanmóirí féin fosta.

¹⁵ Gallagher, *Sermons*, lch iv.

¹⁶ Mac Aingil, *Scáthán*, lch 5, ll 89-100.

¹⁷ Faoi choinne eolas níos doimhne agus tuiscint níos nua-aimseartha a fháil ar thionchar na ndlíthe seo ar an eaglais agus ar an tír i gcoitinne féach an taighde déanach seo: Thomas Bartlett, *The fall and rise of the Irish nation: the Catholic question 1690-1830* (Baile Átha Cliath, 1992), lgh 17-29; S.J. Connolly, *Priests and People in Pre-Famine Ireland, 1780-1845* (Baile Átha Cliath, 1982); S.J. Connolly, 'Religion and history', *Irish Economic and Social History* (1983), lgh 66-80; S.J. Connolly, *Religion, law and power: the making of Protestant Ireland, 1660-1760* (Connolly, *Religion feasta*) (Baile Átha Cliath, 1982); L.M. Cullen, 'Catholics under the penal laws' in *Eighteenth-Century Ireland* (1986), lgh 23-36; Hugh Fenning, 'A time of reform: from the 'penal laws' to the birth of modern nationalism, 1691-1800' (Fenning, 'A time of reform' feasta) in Brendan Bradshaw and Dáire Keogh, *Christianity in Ireland: revisiting the story* (Baile Átha Cliath, 2002), lgh 134-43; Anna Heusaff, *Filí agus Cléir san ochtú haois déag* (Baile Átha Cliath, 1992), lgh 16-49; James Kelly, 'The impact of the penal laws', in *History of the Catholic diocese of Dublin* (Baile Átha Cliath, 2000), lgh 144-74. [Is fiú go mór aiste Maureen Wall a léamh i gcónaí: *The penal laws*, (Dún Dealgan, 1961).]

¹⁸ John Carswell, *Foirm na nUrrnuidheadh* [eag. R.L. Thomson], (Dún Éideann, 1970), lch 12.

¹⁹ Mac Aingil, *Scáthán*, lch 5, ll 74-8.

-
- ²⁰ Cathaldus Giblin, 'Ten documents relating to Irish diocesan affairs 1740-84, from Franciscan Library, Killiney', *Collectanea Hibernica*, (Coll. Hib. feasta) XX, (1978), lgh 73-5.
- ²¹ Hugh Fenning (eag.), 'The Journey of James Lyons from Rome to Sligo, 1763-1765', *Coll. Hib.*, XI, (1965), lgh 91-110.
- ²² Daphne D.C. Pouchin Mould, *The Irish Dominicans* (Pouchin Mould, *The Irish Dominicans* feasta) (Baile Átha Cliath, 1957), lch 179.
- ²³ Peter O'Dwyer, *Towards a history of Irish spirituality* (Baile Átha Cliath, 1995), lch 199.
- ²⁴ Gerard O'Brien, 'The strange death of the Irish language, 1780-1800' in Gerard O'Brien (eag.), *Parliament, politics & people: essays in eighteenth-century Irish history* (Baile Átha Cliath, 1989), lch 155.
- ²⁵ Pouchin Mould, *The Irish Dominicans*, lch 173.
- ²⁶ Pádraig Ó Súilleabháin, 'Leabhar urnaithe an ochtú haois déag', *Irish Ecclesiastical Record* 103, (1965), lgh 301-2.
- ²⁷ Thomas Wall, *The sign of Doctor Hay's head* (Baile Átha Cliath, 1958), lgh 100-101.
- ²⁸ Hugh Fenning, *The undoing of the friars of Ireland: a study of the novitiate question in the eighteenth century* (Lováin, 1972), lch 38.
- ²⁹ Elliott, *Catholics*, lch 181, n. 68.
- ³⁰ William Tighe, *Statistical observations relative to the County of Kilkenny made in the years 1800 & 1801* (Baile Átha Cliath, 1802), lch 515.
- ³¹ O'Brien, 'The strange death', lch 164, nn.64 & 65; Liam Swords, 'History of the Irish College, Paris, 1578-1800', *Archivium Hibernicum* (Arch. Hib. feasta) XXXV, (1980), lch 105, § 408.
- ³² Séamus Ó Caiside, *The Irish language in Belfast and County Down, 1601-1850* (Baile Átha Cliath, 1930), lch 27.
- ³³ Terence McCaughey, *Dr Bedell and Mr King: the making of the Irish Bible* (Baile Átha Cliath, 2001).
- ³⁴ John Brady (eag.), 'Remedies proposed for the Church of Ireland (1697)', *Arch. Hib.* XXII (1959), lch 163.
- ³⁵ *Ibid.*, lch 168.
- ³⁶ Nicholas Williams, *I bPrionta i Leabhar* (Williams, *I bPrionta* feasta), (Baile Átha Cliath, 1986), lch 106, n. 12.
- ³⁷ Elliott, *Catholics*, lch 171. Cf. fosta Roger Blaney, *Presbyterians and the Irish Language* (Béal Feirste, 1996), lgh 20-72 le cur síos an-mhaith a fháil ar shaothrú na bPreispitéireach i ngort na seanmóireachta Gaeilge.
- ³⁸ O'Brien, 'The strange death', lch 154, n. 26.
- ³⁹ Williams, *I bPrionta*, lch 114, n. 85
- ⁴⁰ S.J. Connolly, *Religion, law and power*, lch 299, n. 115.
- ⁴¹ Féach Williams, *I bPrionta*, lgh 104-118 le cuntas breá a fháil ar shaol agus ar shaothar John Richardson.
- ⁴² *Ibid.*, lch 303.
- ⁴³ *Ibid.*, lch 305.
- ⁴⁴ *Ibid.*, lgh 299-300.
- ⁴⁵ *Ibid.*, lch 300, n. 120.
- ⁴⁶ Michael Cronin, *Translating Ireland: translation, languages, cultures* (Corcaigh, 1996), lch 59.
- ⁴⁷ Is fiú go mór Seosamh Ó Dufaigh agus Brian E. Rainey (eag.), *Comhairle Mhic Clámha ó Achadh na Muilleann* (Lille, 1981), lgh 11-23 a léamh le tuiscint a fháil ar easpa léinn na sagart Caitliceach.
- ⁴⁸ Mar shampla: Fearná 1722; Cill Dara 1748; Ail Finn 1753, 1770; Achadh Conaire 1759; Tuaim 1770; Cill Ala 1771; Ard Mhacha 1761; Clochar 1789. Is fiú go mór na cáipéisí eile seo a cheadú fosta: cuntas Aoidh Mhic Mhathúna, Ardeaspag Ard Mhacha, ar Dheise Chlochair sa bhliain 1714, P.J. Flanagan (eag.), 'The Diocese of Clogher in 1714', *Clogher Record*, (1954), lgh 39-42; an tuairisc ar staid na Pápaireachta sa bhliain 1731, 'Report on the state of Popery in Ireland', *Arch. Hib.* III, (1731), lgh 126-59; rialacháin Dheoise Chaisil, Robert F. Cummins agus Hugh Fenning, 'The constitutions of the Diocese of Cashel', *Arch. Hib.* LVI, (2002), lgh 132-88; agus tuairisc John Kent ar staid an mhisin Éireannaigh, Hugh Fenning (eag.) 'John Kent's report on the Irish mission 1741', *Arch. Hib.* XXVIII, (1966), lgh 59-102.
- ⁴⁹ Nicholas Canny, 'The formation of the Irish mind', *Past and Present* 95 (1982), lgh 96-7.
- ⁵⁰ Fenning, 'A time of reform', lch 141.
- ⁵¹ Gallagher, *Sermons*, lch viii.
- ⁵² Patrick J. Corish, *The Catholic community in the seventeenth and eighteenth centuries* (Baile Átha Cliath, 1981), lgh 64-5.
- ⁵³ O'Dwyer, *Towards a history*, lch 206.

⁵⁴ T.C. Barnard, 'Parishes, pews and parsons: lay people and the Church of Ireland 1647-1780' in Raymond Gillespie agus W.G. Neely (eag.) *The laity and the Church of Ireland, 1000-2000* (Baile Átha Cliath, 2002), lch 94.

⁵⁵ Gallagher, *Sermons*, lch vii.

⁵⁶ Corish, *Catholic community*, lgh 84-5.

⁵⁷ Kelly, 'The impact of the penal laws', lch 162.

⁵⁸ Dáire Keogh, "'The pattern of the flock": John Thomas Troy, 1786-1823', *History of the Catholic Diocese of Dublin*, lgh 222-3.

⁵⁹ Thomas McGrath, *Religious renewal and reform in the pastoral ministry of Bishop James Doyle of Kildare and Leighlin, 1786-1834* (Baile Átha Cliath, 1999), lch 74-5.

⁶⁰ Ó Maonaigh, *Seanmónta*, lgh 41-2. "Is cosúil creideamh Dé le gairdín a théann i bhfásach mura mbíonn saothar agus lucht oibre cinnte ann. ... Ní fiú leis an eaglais a gcuid ama a chaitheamh leis an teagasc Críostaí ach le seanmóirí móra ardfhoghlamtha intleachtúla nach dtuigeann an pobal an deichiú cuid, agus is uime sin, faraor, gurb iomaí atá ag éisteacht le hAifreann agus le seanmóireacht ar feadh a shaoil gan mórán tairbhe, agus atá fós aineolach i gcreideamh Chríost."

⁶¹ Seosamh Ó Labhraí, *Seanmóirí an Athar John Heely* (Tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Cúil Raithin, 1998); Cecile O'Rahilly, *Trompa na bhFlaitheas* (Baile Átha Cliath, 1955), lgh xii-xiv agus an téacs féin *passim*.

⁶² Ciarán Mac Murchaidh, 'Oiliúint na cléire san 18ú haois', *Taighde & Teagasc I* (2001), lch 24 nn.58 & 59.

⁶³ Ó Dúshláine, 'Gealán Dúluachra', LCC XXVI, lch 121.